MHC
Coimisiún Meabhair-Shláinte | Mental Health Commission

CÓIREÁIL AR PHÁISTE A BHFUIL ORDÚ FAOI ALT 25 I BHFEIDHM INA LEITH

FOIRM **18**

AN tACHT MEABHAIR-SHLÁINTE 2001
ALT 61
LEATHANACH 1 DE 4

Le comhlánú ag an síciatraí sainchomhairleach atá freagrach as cúram agus cóireáil an Pháiste:

BLOCLITREACHA **(Sula gcomhlántar an fhoirm seo léigh na nótaí lastall)**

1. Ainm Iomlán an Pháiste

2. Dáta Breithe ☐☐/☐☐/☐☐☐☐ **Inscne** F ☐ B ☐

3. Ainm agus Seoladh an Ionaid Cheadaithe

Barda:

ar

4. Dáta an Ghlactha Ainneonaigh: ☐☐/☐☐/☐☐☐☐

5. Ainm Iomlán an tSíciatraí Shainchomhairligh atá Freagrach
(agus Seoladh Gairmiúil más difriúil é ó Rannán 3 thuas)

Rinne mé an páiste atá ainmnithe thuas a scrúdú ar (dáta) ☐☐/☐☐/☐☐☐☐
agus tá mé den bharúil go mbeadh sé chun sochair an pháiste dá leanfái de réim cógas a riar chun a neamhord meabhrach a mhaolú ar na cúiseanna a leanas.

6. Tabhair sonraí faoin réim cógas, agus faoin dóigh a mbeidh sí chun sochair an pháiste, agus faoin phlé leis an pháiste

Sínithe: _____

(Síciatraí Sainchomhairleach atá Freagrach)

Dáta: ☐☐/☐☐/☐☐☐☐

D'úsáid de réir an Achta Meabhair-Shláinte 2001 amháin. Tá pionóis infheidhmithe má thugtar eolas bréagach nó míthreorach.

Tá na nótaí chun críche treorach amháin agus ní ráiteas cruinn d'fhorálacha an Achta Meabhair-Shláinte 2001 atá iontu.

AILT AN ACHTA MEABHAIR-SHLÁINTE 2001

4.— (1) Nuair a dhéantar cinneadh faoin Acht seo maidir le cúram nó cóireáil duine (lena n-áirítear cinneadh chun ordú glactha a dhéanamh maidir le duine), breathnófar ar leasa is fearr an duine agus aird mar is cuí á tabhairt ar leasa daoine eile a bheadh i mbaol dochair thromhchúisigh mura ndéantar an cinneadh.

(2) Áit a moltar moladh nó ordú glactha a dhéanamh i leith duine, nó cóireáil a riar ar dhuine faoin Acht seo, cuirfear in iúl don duine faoin mholadh, an oiread sin agus atá sé indéanta go réasúnach, agus beidh an duine i dteideal uiríll a dhéanamh ina leith agus sula ndéanfar an t-ábhar a shocrú tabharfar aird chuí ar aon uiríll a dhéantar go ceart faoin fho-alt seo.

(3) Nuair a dhéantar cinneadh faoin Acht seo maidir le cúram nó cóireáil duine (lena n-áirítear cinneadh chun ordú glactha a dhéanamh maidir le duine) tabharfar aird mar is cuí don riachtanas chun meas a thabhairt do cheart an duine chun dínite, chun sláine corpartha, chun príobháideachta agus chun neamhspleáchais.

61.— Nuair a dhéantar leigheas a riar ar pháiste a bhfuil ordú faoi alt 25 i bhfeidhm ina leith chun a neamhord meabhrach a mhaolú do thréimhse leanúnach de 3 mhí, ní leanfar leis an leigheas sin a riar mura—

(a) gceadaíonn an síciatraí sainchomhairleach atá freagrach as cúram agus cóireáil an linbh go leanfar leis an leigheas sin a riar, agus

(b) má cheadaíonn síciatraí sainchomhairleach eile (i bhfoirm atá sonraithe ag an Choimisiún) go leanfar leis an leigheas sin a riar tar éis don ábhar a atreorú chuige nó chuici ag an síciatraí céadainmnithe, agus beidh an toiliú, nó de réir mar a bheidh, an ceadú agus údarú bailí do thréimhse 3 mhí agus ina dhiaidh sin do thréimhsí 3 mhí, má fhaightear, maidir le gach tréimhse, an toiliú céanna nó, de réir mar a bheidh, an ceadú nó údarú céanna.

25.— (1) Sa chás go bhfeictear don bhord sláinte maidir le páiste a bhfuil cónaí aige nó aici ina limistéar feidhme nó a fhaightear ansin—

(a) go bhfuil neamhord meabhrach ar an bpáiste, agus

(b) go bhfuil cóireáil ag teastáil ón bpáiste nach cosúil go bhfaighidh sé nó sí mura ndéantar ordú faoi alt seo, sa chás sin is féidir leis an mbord sláinte iarratas a dhéanamh chuig an gCúirt Dúiche ("an chúirt") ar ordú a údaródh an páiste a choinneáil in ionad ceadaithe.

(2) Faoi réir fho-alt (3), ní dhéanfaidh bord sláinte iarratas faoi fho-alt (1) mura ndearna síciatraí sainchomhairleach nach bhfuil gaolmhar leis an bpáiste an páiste a scrúdú agus mura gcuirtear tuarascáil faoi thorthaí an scrúdaithe ar fáil don chúirt ag an mbord sláinte

(3) Sa chás—

(a) nach gceadaíonn tuismitheoir nó tuismitheoirí an pháiste, nó duine atá ag feidhmiú in loco parentis go ndéanfar an páiste a scrúdú, nó

(b) i ndiaidh don bhord sláinte fiosrúcháin réasúnta a dhéanamh nach féidir leis an mbord teacht ar thuismitheoir nó thuismitheoirí an pháiste, nó duine atá ag feidhmiú in loco parentis , sa chás sin is féidir le bord sláinte iarratas a dhéanamh faoi fho-alt (1) gan aon réamhscrúdú a bheith déanta ar an bpáiste ag síciatraí sainchomhairleach.

(4) Sa chás go ndéanann bord sláinte iarratas faoi fho-alt (1) gan aon réamhscrúdú a bheith déanta ag síciatraí sainchomhairleach ar an bpáiste arb é ábhar an iarratais, is féidir leis an gcúirt, má tá sí sásta gurb ann do chúis réasúnta a thabharfadh le fios go bhfuil an páiste arb é ábhar an iarratais faoi neamhord meabhrach, a ordú go ligfeadh an bord sláinte do shíciatraí sainchomhairleach nach bhfuil gaolmhar leis an bpáiste é nó í a scrúdú agus go gcuirfear tuarascáil faoi thorthaí an scrúdaithe ar fáil don chúirt ag an mbord sláinte laistigh de thréimhse a shocróidh an chúirt.

(5) Sa chás go dtugann an chúirt treoir faoi fho-alt (4), tabharfaidh an síciatraí sainchomhairleach a scrúdaíonn an páiste arb é ábhar an iarratais torthaí an scrúdaithe don chúirt agus cuirfidh sé in iúl don chúirt an amhlaidh go bhfuil sé nó sí sásta go bhfuil an páiste faoi neamhord meabhrach.

(6) Sa chás go bhfuil an chúirt sásta tar éis di tuarascáil an tsíciatraí shainchomhairligh mar a luaitear i bhfo-alt (1) a chur san áireamh nó tuarascáil an tsíciatraí shainchomhairligh mar a luaitear i bhfo-alt (5), agus tar éis di machnamh a dhéanamh ar aon fhianaise eile a chuirtear os a comhair go bhfuil an páiste faoi neamhord meabhrach, ordóidh an chúirt go nglacfar agus go gcoinneofar an páiste le haghaidh cóireála in ionad ceadaithe sainsonraithe ar feadh tréimhse nach sáróidh 21 lá.

(7) Is féidir iarratas faoin alt seo a dhéanamh ex parte má tá an chúirt sásta go bhfuil an t-ábhar práinneach go leor.

(8) Sa tréimhse nuair atá iarratas á dhéanamh agus sula ndéanfar socrú air, is féidir leis an gcúirt ag feidhmiú ar a moladh féin nó mar thoradh ar iarratas ó aon duine, cibé treoir a thabhairt mar is cuí, dar léi, maidir le cúram agus caomhnóireacht páiste arb é ábhar an iarratais atá le socrú, agus ní bheidh feidhm ag an treoir seo i ndiaidh don iarratas a bheith socraithe.

(9) Sa chás go bhfuil ordú faoi fho-alt (6) i bhfeidhm agus ag an am céanna go ndéanann an bord sláinte bainteach iarratas chuig an gcúirt chun tréimhse coinneála an pháiste arb é ábhar an iarratais a shíneadh, is féidir leis an gcúirt a ordú go gcoinneofar an páiste ar feadh tréimhse eile nach sáróidh 3 mhí.

(10) Roimh nó ag deireadh na tréimhse coinneála a luaitear i bhfo-alt (9), is féidir leis an gcúirt ordú coinneála eile a dhéanamh le haghaidh tréimhse nach sáróidh 6 mhí má dhéanann an bord sláinte iarratas air sin agus tréimhse eile sin ina dhiaidh sin nach sáróidh 6 mhí.

25.— (11) Ní dhéanfaidh cúirt ordú a shíníonn tréimhse coinneála páiste faoin alt seo—

(a) mura ndearna síciatraí sainchomhairleach nach bhfuil gaolmhar leis an pháiste an páiste a scrúdú agus mura gcuireadh tuarascáil faoi thorthaí an scrúdaithe ar fáil don chúirt ag an bhord sláinte atá i gceist ar bhonn iarratais an bhoird ar an chúirt faoi fho-alt (9) nó (10), de réir mar a bheidh, agus

(b) tar éis don chúirt an tuarascáil a bhreithniú, tá sí sásta go bhfuil neamhord meabhrach ag cur ar an pháiste.

(12) Ní dhéanfar sícmháinliacht ar pháiste atá á choinneáil faoin alt seo gan cheadú na cúirte.

(13) Ní dhéanfar clár de theiripe leictreabhaoth-thonnach a riar ar pháiste atá á choinneáil faoin alt seo gan cheadú na cúirte.

(14) Beidh forálacha in ailt 21, 22, 24 go 35, 37 agus 47 den Acht um Chúram Leanaí, 1991, infheidhmithe le himeachtaí faoin alt seo de réir mar atá siad infheidhmithe le himeachtaí faoi na hailt sin leis an mhionathrú go bhforléireofar tagairtí d'imeachtaí nó d'ordú faoi Chuid III, IV nó VI an Achta sin mar thagairtí d'imeachtaí nó d'ordú faoin alt seo agus le haon mhionathruithe riachtanacha.

(15) Ní áirítear i dtagairtí in ailt 13(7), 18(3) agus 19(4) an Achta um Chúram Leanaí, 1991, do scrúdú, do chóireáil nó do mheasúnú síciatrach tagairtí do chóireáil faoin Acht seo.

NÓTAÍ AR LEAN AR LEATHANACH 2 DE 4

MHC Coimisiún Meabhair-Shláinte | Mental Health Commission

CÓIREÁIL AR PHÁISTE A BHFUIL ORDÚ FAOI ALT 25 I BHFEIDHM INA LEITH

FOIRM **18**

AN tACHT MEABHAIR-SHLÁINTE 2001
ALT 61
LEATHANACH 3 DE 4

Tá an chuid seo le comhlánú ag síciatraí sainchomhairleach eile tar éis atreorú ón síciatraí céadainmnithe.

7. Ainm Iomlán an tSíciatraí Shainchomhairligh atá Freagrach (agus Seoladh Gairmiúil más difriúil é ó Rannán 3 thuas)

Rinne mé an páiste atá ainmnithe thuas a scrúdú ar DÁTA: ☐☐/☐☐/☐☐☐☐
agus tá mé den bharúil go mbeadh sé chun sochair an pháiste dá leanfái de réim cógas a riar chun a neamhord meabhrach a mhaolú ar na cúiseanna a leanas

8. Tabhair cúiseanna

Údaraím go leanfar de réim cógas a riar ☐

Sínithe: _____

(Síciatraí Sainchomhairleach)

Dáta: ☐☐/☐☐/☐☐☐☐

Beidh an ceadú agus údarú seo bailí do thréimhse 3 mhí.

25.— (11) Ní dhéanfaidh cúirt ordú a shíníonn tréimhse coinneála páiste faoin alt seo—

(a) mura ndearna síciatraí sainchomhairleach nach bhfuil gaolmhar leis an pháiste an páiste a scrúdú agus mura gcuireadh tuarascáil faoi thorthaí an scrúdaithe ar fáil don chúirt ag an bhord sláinte atá i gceist ar bhonn iarratais an bhoird ar an chúirt faoi fho-alt (9) nó (10), de réir mar a bheidh, agus

(b) tar éis don chúirt an tuarascáil a bhreithniú, tá sí sásta go bhfuil neamhord meabhrach ag cur ar an pháiste.

(12) Ní dhéanfar sícmháinliacht ar pháiste atá á choinneáil faoin alt seo gan cheadú na cúirte.

(13) Ní dhéanfar clár de theiripe leictreabhaoth-thonnach a riar ar pháiste atá á choinneáil faoin alt seo gan cheadú na cúirte.

(14) Beidh forálacha in ailt 21, 22, 24 go 35, 37 agus 47 den Acht um Chúram Leanaí, 1991, infheidhmithe le himeachtaí faoin alt seo de réir mar atá siad infheidhmithe le himeachtaí faoi na hailt sin leis an mhionathrú go bhforléireofar tagairtí d'imeachtaí nó d'ordú faoi Chuid III, IV nó VI an Achta sin mar thagairtí d'imeachtaí nó d'ordú faoin alt seo agus le haon mhionathruithe riachtanacha.

(15) Ní áirítear i dtagairtí in ailt 13(7), 18(3) agus 19(4) an Achta um Chúram Leanaí, 1991, do scrúdú, do chóireáil nó do mheasúnú síciatrach tagairtí do chóireáil faoin Acht seo.